**Uimh. Thag. Gearáin an Choimisiúin:** [redacted]

**Uimh. Thag. an Choimisiúin:** [redacted]

**Uimh. Thag. Údarás Cosanta Sonraí Bheirlín:** [redacted]

**Dáta:** 21 Meitheamh 2023

**Gearánach:** [redacted]

**Rialaitheoir Sonraí:** Airbnb Ireland UC

**Maidir le:** [redacted] v Airbnb Ireland UC

Leagtar amach sa doiciméad seo an cinneadh ó Choimisiún na hÉireann um Chosaint Sonraí ("**an Coimisiún**") i ndáil le [redacted] uimhir thagartha ghearáin an Choimisiúin ("**an Gearán**"), a rinne [redacted] ("**an Gearánach**") in aghaidh Airbnb Ireland UC ("**Airbnb**") le Coimisinéir Bheirlín um Chosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise ("**Údarás Cosanta Sonraí Bheirlín**") ina cháil mar údarás maoirseachta lena mbaineann agus a tarchuireadh ina dhiaidh sin chuig an gCoimisiún ina cháil mar phríomhúdarás maoirseachta.

Rinneadh an cinneadh seo de bhun na gcumhachtaí a tugadh don Choimisiún le halt 113(2)(a) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 ("**an tAcht**"), agus le hAirteagal 60 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("**RGCS**").

## An Dréachtchinneadh a Chur in iúl do na "*hÚdaráis Mhaoirseachta lena mBaineann*"

De réir Airteagal 60(3) RGCS, tá oibleagáid ar an gCoimisiún an fhaisnéis ábhartha i ndáil le gearán maidir le próiseáil trasteorann a chur in iúl do na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann agus dréachtchinneadh a chur faoina mbráid chun tuairimí a fháil uathu agus aird chuí a thabhairt ar a dtuairimí.

De réir na hoibleagáide sin, tharchuir an Coimisiún dréachtchinneadh i ndáil leis an ní chuig "*na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann*". Ós rud é go dtairgeann Airbnb seirbhísí ar fud an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, gur dóigh go ndéanfaidh an phróiseáil difear substaintiúil d'ábhair sonraí i ngach Ballstát den Aontas, chinn an Coimisiún, ina cháil mar phríomhúdarás maoirseachta, go bhfuil gach údarás maoirseachta ina údarás maoirseachta lena mbaineann, mar atá sainmhínithe in Airteagal 4(22) RGCS. Ar an mbonn sin, tarchuireadh an dréachtchinneadh ón gCoimisiún i ndáil leis an ngearán seo chuig gach údarás maoirseachta san Aontas Eorpach agus sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch chun tuairimí a fháil uathu.

## Láimhseáil an Ghearáin ag an gCoimisiún – Amlíne agus Achoimre

1. Cuireadh an gearán faoi bhráid Údarás Cosanta Sonraí Bheirlín ar dtús agus aistríodh é ina dhiaidh sin chuig an gCoimisiún an 16 Samhain 2020 trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh lena láimhseáil ag an gCoimisiún ina cháil mar phríomhúdarás maoirseachta. Dar leis an nGearánach, ar ball agus óstach cláraithe de chuid Airbnb í, d'iarr Airbnb uirthi a céannacht a fhíorú trí chóip a sholáthar dá doiciméad aitheantais oifigiúil ("**aitheantas**"), rud nár sholáthair sí do Airbnb roimhe sin. Luaigh sí mar a leanas: "*1. Le dhá bhliain anuas, tá seomra príobháideach san árasán trí sheomra ina gcónaím á thairiscint agam trí Airbnb. Tá m'ainm agus mo sheoladh (an áit a bhfuil an seomra ar cíos lonnaithe) ar eolas ag Airbnb. Bhí beagnach 100 áirithint agam go dtí seo. Tá rátáil 4.9 pointe as 5 cinn agam ó aíonna. D'ainmnigh Airbnb mé mar 'sháróstach'. Ní raibh aon ghearáin ná aon ábhair amhrais ann riamh faoi mo dhuine ná faoi mo chéannacht. 2. Sa bhliain 2019, d'iarr Airbnb go tobann grianghraf a tógadh le déanaí díom. Ní raibh aon chúis aige leis an iarraidh sin a dhéanamh. Gan an grianghraf sin, ní bheinn in ann aon áirithintí eile a thairiscint. Rinne mé gearán leis an tseirbhís do chustaiméirí. Cheangail mé an freagra ó Airbnb thíos. 3. Ní gá do Airbnb grianghraf a tógadh díom le déanaí a bheith aige. Níl aon chúis intuigthe ann go mbeadh ceanglas orm an grianghraf sin a thabhairt agus go mbeadh tuilleadh comhair – tar éis dhá bhliain – ag brath air sin. De réir dealraimh, ní dhearna aon duine den 100 aoi gearán riamh nach bhfuil grianghraf iomlán díom ar áireamh i mo phróifíl. 4. Bhí mé ag iarraidh réadmhaoin eile a ligean ar cíos trí Airbnb le déanaí. Is gá dom grianghraf reatha agus cárta aitheantais reatha a uaslódáil sula gceadóidh Airbnb dom an rud a dhíghlasáil. 5. Níl an ceanglas thuasluaite sin riachtanach. Tá an dara rud ar siúl faoin gcuntas céanna le Airbnb [KE] freisin. Tá an dá árasán nasctha le chéile agus is féidir leat a fheiceáil gurb ionann an t-úinéir réadmhaoine dóibh – mise. Dá bhrí sin, níl aon amhras ann ach gur mise an t-úinéir réadmhaoine… […]…deir Airbnb go n-iarrfaidh sé an cruthúnas sin ó GACH óstach gan aon eisceacht anois".* Mar atá leagtha amach thuas, luaigh an Gearánach go raibh seomra ina réadmhaoin á ligean ar cíos aici trí Airbnb le dhá bhliain nuair a d'iarr Airbnb uirthi den chéad uair cóip dá haitheantas agus grianghraf forlíontach a sholáthar chun a céannacht a fhíorú; d'iarr Airbnb uirthi a céannacht a fhíorú ar dtús an 27 Samhain 2019. Mhaígh an Gearánach nach raibh sé riachtanach cóip dá haitheantas a sholáthar agus nár thug Airbnb aon chúis agus/nó aon bhunús dleathach lena haitheantas a phróiseáil chun a céannacht a fhíorú. Dar leis an nGearánach, d'uaslódáil sí cóip dá haitheantas éagtha trí thairseach shlán ar líne Airbnb chun an iarraidh ó Airbnb a chomhlíonadh. Dhiúltaigh Airbnb don aitheantas éagtha sin toisc gur chóip neamhdhóthanach/neamh-leordhóthanach d'aitheantas é chun críche a phróisis fíorúcháin céannachta. Dar leis an

nGearánach, d'uaslódáil sí cóip dá haitheantas chuig Airbnb ina dhiaidh sin ach cheil sí an grianghraf aitheantais agus d'fholaigh sí an síniú agus an dáta breithe ar an aitheantas. Dhiúltaigh Airbnb don chóip sin dá haitheantas freisin toisc gur mheas sé an chóip cheilte agus fholaithe dá haitheantas a bheith neamhdhóthanach/neamh-leordhóthanach chun críche a phróisis fíorúcháin céannachta. D'áitigh an Gearánach go mbeadh bearta/roghanna malartacha fíorúcháin céannachta éifeachtach, agus nach mbeadh siad chomh hionsáiteach céanna, chun críocha an fhíorúcháin céannachta. Dar léi, nuair a bhí sí ag iarraidh réadmhaoin eile a liostú ar Airbnb lena ligean ar cíos i mí Iúil 2020, chuir Airbnb cosc uirthi déanamh amhlaidh go dtí go soláthródh sí cóip cothrom le dáta agus neamhfholaithe dá haitheantas agus grianghraf lena bpróiseáil trína thairseach shlán ar líne mar chuid dá phróiseas fíorúcháin céannachta; d'fhíoraigh an Gearánach a céannacht trí úsáid a bhaint as cóip dá haitheantas agus grianghraf an 20 Lúnasa 2020, mar a d'iarr Airbnb. Luaigh an Gearánach go ndúirt Airbnb léi go gcuireann sé an modh fíorúcháin céannachta sin i bhfeidhm i leith gach óstaigh gan aon eisceacht. Luaigh an Gearánach go raibh sí míshásta leis an bhfreagra ó Airbnb ar roinnt cúiseanna, á rá go luaitear an méid seo a leanas ar shuíomh Gréasáin Airbnb: *"féadfar staonadh ó chárta aitheantais a uaslódáil más féidir céannacht a fhíorú trí mhodhanna eile cheana féin"*; *"níl sé réasúnach cárta aitheantais reatha a cheangal chun árasán príobháideach a ligean ar cíos"*; agus *"ní slán atá an modh trína mbailíonn Airbnb cóipeanna de chártaí aitheantais agus tá baol drochúsáide ann; e.g., drochúsáid ag haiceálaithe"*. Dúirt an Gearánach go bhfuair sí amach, bunaithe ar an bhfreagra a thug Airbnb ar an iarraidh/na hiarrataí ar rochtain d'ábhar sonraí uaithi, gur stóráil Airbnb a sonraí pearsanta, agus gur lean sé lena sonraí pearsanta a stóráil, lenar áiríodh na cóipeanna dá haitheantas ar cuireadh in iúl di roimhe sin go raibh siad neamhdhóthanach/neamh-leordhóthanach chun críche fíorúcháin céannachta. Dúirt an Gearánach freisin gur tharla sé, mar chuid den fhreagra a thug Airbnb ar an iarraidh/na hiarrataí ar rochtain d'ábhar sonraí uaithi, gur sholáthair Airbnb cóip dá haitheantas agus dá grianghraf di, ar nithe iad, dar léi, a bhí á stóráil ag Airbnb go fóill.

2. Thug an Coimisiún fógra do Airbnb go bhfuarthas an gearán trí ríomhphost agus litir dar dáta an 5 Eanáir 2021. Sholáthair an Coimisiún do Airbnb freisin cóip den ghearán agus den aighneacht eile dar dáta an 11 Samhain 2020 a fuarthas ón nGearánach.

3. Thug Airbnb freagra don Choimisiún trí ríomhphost dar dáta an 20 Eanáir 2021. Luaigh Airbnb go raibh súil aige an gearán a réiteach go cairdiúil. Luaigh Airbnb go raibh sé tábhachtach a rá gur éirigh leis an nGearánach a céannacht a fhíorú an 20 Lúnasa 2020 chun críche an dá réadmhaoin a ligeann sí ar cíos trí Airbnb. Luaigh Airbnb gur tharla sé, mar chuid dá clárúchán, gur aontaigh an Gearánach lena Théarmaí Seirbhíse agus gur cuireadh í ar an eolas faoina Bheartas

Príobháideachta. Sa ríomhphost uaidh, sholáthair Airbnb naisc chuig "*leathanach aitheantais agus fíorúcháin an Lárionaid Cabhrach*", áit, dar leis, a mínítear go mion beartas fíorúcháin céannachta Airbnb agus na bearta slándála atá i bhfeidhm chun na sonraí ábhartha a bhailítear a chosaint. Ina theannta sin, luaigh Airbnb go bhfuil sábháilteacht agus slándáil a chuid úsáideoirí ríthábhachtach dó. Luaigh sé go n-iarrann sé ar úsáideoirí a gcéannacht a fhíorú chun cur ar a chumas a dheimhniú gurb ionann iad agus na daoine a mhaíonn siad a bheith iontu. Luaigh sé go gcreideann sé go bhfuil a nósanna imeachta fíorúcháin ina modh riachtanach comhréireach chun pobal Airbnb a chosaint, i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá air faoi RGCS. Dar le Airbnb, mar chuid de na hiarrachtaí leanúnacha a dhéanann sé a bhearta sábháilteachta agus slándála a fheabhsú agus pobal Airbnb a chosaint, tá a cheanglais fíorúcháin céannachta á leathnú aige ar fud an domhain.

4. Thug an Coimisiún fógra don Ghearánach ansin faoin dul chun cinn ar an ngearán uaithi, agus breac-chuntas á thabhairt aige ar a raibh sa ríomhphost dar dáta an 20 Eanáir 2021 ó Airbnb. Sheol an Gearánach litir dar dáta an 14 Meitheamh 2021 chuig Údarás Cosanta Sonraí Bheirlín á rá nach raibh sí sásta leis an bhfreagra ó Airbnb agus nár tugadh aghaidh ar an ngearán uaithi agus nár réitíodh é.

5. Mar achoimre, mar sin, ní raibh an Coimisiún in ann réiteach cairdiúil ar an ngearán a shocrú ná a éascú laistigh de thréimhse réasúnach trína phróiseas láimhseála gearán.

## <u>An Fiosrúchán a Sheoladh</u>

6. Ag gníomhú dó ina cháil mar phríomhúdarás maoirseachta, d'eisigh an Coimisiún Fógra faoi Fhiosrúchán a Thosú, lenar áiríodh iarraidh ar fhaisnéis, chuig Airbnb an 4 Márta 2022.

7. Dúirt an Coimisiún le Airbnb go bhféachfaí le linn an Fhiosrúcháin le scrúdú agus measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon Airbnb na hoibleagáidí atá air mar rialaitheoir sonraí faoi RGCS agus faoin Acht i leith na n-oibríochtaí próiseála arbh ábhar don ghearán iad.

8. Dúirt an Coimisiún le Airbnb gur bhain raon feidhme an Fhiosrúcháin le scrúdú agus measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

a) Cé acu a bhí nó nach raibh bunús dleathach ag Airbnb le cóip/cóipeanna d'aitheantas an Ghearánaigh agus/nó dá grianghraf/grianghraif a phróiseáil chun a céannacht a fhíorú, go háirithe i gcás nár sholáthair sí, mar bhall/óstach

cláraithe de chuid Airbnb, a haitheantas do Airbnb roimhe sin.

b) Cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon Airbnb prionsabal an íoslaghdaithe sonraí nuair a d'iarr sé cóip d'aitheantas an Ghearánaigh agus/nó dá grianghraf/grianghraif chun a cuntas a fhíorú agus le linn dó próiseáil a dhéanamh ar shonraí a bhaineann leis an gcéanna.

c) Cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon Airbnb na Coinníollacha le haghaidh Toilithe nuair a cheangail sé ar an nGearánach a haitheantas agus/nó a grianghraf/grianghraif a chur isteach chun a céannacht a fhíorú agus chun na sonraí pearsanta sin a phróiseáil sula bhféadfadh an Gearánach leanúint le húsáid a bhaint as a cuntas agus an tseirbhís agus iad a rochtain.

d) Cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon Airbnb prionsabail na trédhearcachta agus an tsoláthair faisnéise nuair a bailíodh sonraí pearsanta an Ghearánaigh.

9. Thug an Coimisiún fógra don Ghearánach, trí ríomhphost agus litir a seoladh chuig Údarás Cosanta Sonraí Bheirlín an 4 Márta 2022, gur tosaíodh Fiosrúchán i ndáil leis an ngearán uaithi. Thug an Coimisiún deis don Ghearánach aon fhaisnéis a soláthraíodh roimhe sin le linn an phróisis láimhseála gearán a tharraingt siar agus thug sé deis don Ghearánach aon fhaisnéis nua faoin ngearán a chur isteach. Ní bhfuair an Coimisiún aon fhreagra ón nGearánach ar an gcomhfhreagras uaidh dar dáta an 4 Márta 2022.

10. An 1 Aibreán 2022, thug Airbnb freagra don Choimisiún ar na ceisteanna a cuireadh san Fhógra faoi Fhiosrúchán a Thosú ón gCoimisiún. Níor thug Airbnb le fios gur mhian leis aon fhaisnéis a soláthraíodh roimhe sin le linn an phróisis láimhseála gearán a tharraingt siar. Luaigh Airbnb, áfach, go nochtar sna freagraí ar cheist 1(a), (b), (d), (e) agus (h) agus ar cheist 3(a) faisnéis atá rúnda agus íogair ó thaobh na tráchtála de faoi phróisis slándála inmheánaí Airbnb agus go raibh baol ann go bhféadfadh scaipeadh na faisnéise sin an bonn a bhaint de na próisis sin nó cur as dóibh. Luaigh Airbnb go gcuirfeadh sé fáilte, mar sin, roimh aon deis chun athbhreithniú agus trácht a dhéanamh ar chomhroinnt bheartaithe aon ábhair sa litir uaidh agus sa fhreagra tosaigh uaidh ar an ngearán bunúsach, lena n-áirítear comhroinnt bheartaithe aon ábhair leis na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann.

11. Maidir leis an mbunús dlí a raibh Airbnb ag brath air chun cóip d'aitheantas an Ghearánaigh agus/nó dá grianghraf a iarraidh agus a phróiseáil sa bhliain 2019 chun a céannacht a fhíorú, luaigh Airbnb go raibh sé ag brath ar na leasanna dlisteanacha atá ag Airbnb agus ag a chuid úsáideoirí, comhpháirtithe tráchtála agus tríú páirtithe a bhféadfadh saincheisteanna sábháilteachta agus slándála a

eascraíonn as ardán Airbnb, nó atá bainteach le hardán Airbnb ar shlí eile, dul i bhfeidhm orthu, i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(f) RGCS. Dúirt Airbnb nach bhfuil an luach fianaiseach le haitheantas ag brath ná bunaithe ar aitheantas a bheith ann cheana ar chuntas an úsáideora. Dar le Airbnb, nuair a iarrann sé cóip de dhoiciméad aitheantais chun críocha fíorúcháin, cuirtear an fhaisnéis ar an doiciméad aitheantais sin i gcomparáid ansin leis an bhfaisnéis ar chuntas an úsáideora sin. Dúirt Airbnb go ndéantar an anailís chomparáideach sin bunaithe ar fhaisnéis amhail pictiúr próifíle, ainm, dáta breithe agus seoladh an úsáideora agus ar aon fhaisnéis ábhartha eile is féidir a chrostagairt in aghaidh na faisnéise ar an doiciméad aitheantais. Luaigh Airbnb gur féidir barántúlacht aon doiciméid aitheantais arna eisiúint ag rialtas a mheasúnú trí dhearadh agus leagan amach an doiciméid aitheantais a chur i gcomparáid leis an ngnáthchineál doiciméid aitheantais a tháirgeann an t-údarás eisiúna lena mbaineann. Dúirt Airbnb go soláthraíonn sé sin ciseal eile iontaoibhe agus slándála sa phróiseas fíorúcháin céannachta. Dúirt Airbnb freisin go n-iarrtar íomhá fhorlíontach den duine aonair mar bheart breise a bhfuil mar aidhm leis a chinntiú gurb ionann an duine aonair a chuireann an doiciméad aitheantais isteach agus an duine a léirítear ann.

12. Maidir leis an gceist ón gCoimisiún maidir le cén fáth a measann Airbnb go bhfuil sé riachtanach agus comhréireach cóip d’aitheantas a chuid ball/óstach agus cóip de ghrianghraf forlíontach dá chuid ball/óstach a iarraidh chun a gcéannacht a fhíorú, luaigh Airbnb go bhfuil ardán Airbnb tógtha ar choincheap na hiontaoibhe agus na sábháilteachta, áit a bhfuil idirghníomhú fíorshaoil idir a chuid úsáideoirí ina ghné bhunúsach dá sheirbhís. Luaigh Airbnb gur mar gheall ar an difríocht shoiléir sin idir é féin agus a lán soláthraithe eile ar líne, ar ina leith nach dóigh go ndéanfar aon dochar san fhíorshaol, is gá dó bearta a dhéanamh chun a chinntiú gur féidir le hóstaigh agus aíonna Airbnb dul i dteagmháil agus idirghníomhú le chéile ar bhealach sábháilte slán. Dúirt Airbnb freisin gur gá dó aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le gníomhaíocht chalaoiseach ag éagóiritheoirí, a úsáideann modhanna sofaisticiúla go minic chun iarracht a dhéanamh dallamullóg a chur ar Airbnb agus ar a chuid úsáideoirí agus calaois a dhéanamh orthu. Luaigh Airbnb go gcreideann sé go bhfuil údar ann le dícheall agus le haire chuí le linn céannacht úsáideoirí a fhíorú mar gheall ar an iliomad rioscaí a bhaineann le húsáideoirí a shainaithint ar ardán amhail Airbnb. Dar le Airbnb, féachfaidh sé ar an gcéad ásc le céannacht úsáideora a fhíorú gan cóip de dhoiciméad aitheantais a iarraidh. Dúirt Airbnb gurb é atá i gceist leis sin ná an fhaisnéis cuntais atá ann cheana a úsáid nó faisnéis fhorlíontach a iarraidh, amhail ainm dlíthiúil agus seoladh an úsáideora, agus an fhaisnéis sin a fhíorú in aghaidh bunachair sonraí iontaofa sheachtracha. Dar le Airbnb, nuair nach féidir céannacht a fhíorú trí na modhanna sin, iarrfaidh sé ar an úsáideoir ansin a c(h)éannacht a fhíorú trí dhoiciméad aitheantais. Dúirt Airbnb gur tharla sé sa chás seo go ndearna sé iarracht céannacht an Ghearánaigh a fhíorú ar dtús gan doiciméad aitheantais a iarraidh agus gur fhéach sé leis an bhfaisnéis a bhí ann

cheana ar chuntas an Ghearánaigh a chur i gcomparáid le bunachair sonraí iontaofa sheachtracha. Dar le Airbnb, nuair a theip ar an iarracht sin, thug sé rogha don Ghearánach aitheantas a sholáthar nó a hainm dlíthiúil agus a seoladh a chur isteach chun a mionsonraí a fhíorú in aghaidh na mbunachar sonraí sin. Dúirt Airbnb gur roghnaigh an Gearánach a hainm dlíthiúil agus a seoladh a chur isteach le haghaidh fíorúcháin. Mar sin féin, theip ar Airbnb céannacht an Ghearánaigh a fhíorú ar an modh sin, rud a d’fhág gur ghá dó iarraidh ar an nGearánach cóip dá doiciméad aitheantais agus d’íomhá fhorlíontach a chur isteach trí thairseach shlán. Dar le Airbnb, tá cóip de dhoiciméad aitheantais ina cineál iontaofa cruthúnais aitheantais nach gcuireann ualach díréireach ar an duine aonair. Dúirt Airbnb go bhfuil an cur chuige a ghlacann sé féin cosúil leis an gcur chuige a ghlacann roinnt mhaith gnólachtaí eile, amhail aerlínte agus óstáin idirnáisiúnta, a iarrann aitheantas toisc gur modh aitheantais réasúnach simplí é. Iarrann siad an t-aitheantas sin gan aon chomparáid a dhéanamh le haon chóip aitheantais atá ar comhad cheana féin. D’áitigh Airbnb gurb é atá i gcéannacht a fhíorú trí dhoiciméad aitheantais a úsáid ná droichead fianaiseach idir céannacht ar líne agus céannacht as líne agus gur modh iontaofa é chun a shuí gurb ionann an duine aonair atá taobh thiar den láithreacht ar líne agus an duine a mhaíonn sé/sí a bheith ann/inti. Dúirt Airbnb freisin go bhfuil an íomhá fhorlíontach den duine aonair ina coimirce bhreise is féidir a úsáid chun cabhrú le céannacht a fhíorú. Dar le Airbnb, maidir leis an luach profach le doiciméid aitheantais, is lú seans go bhfaighfear go neamhdhlisteanach doiciméid aitheantais arna n-eisiúint ag rialtas nó go n-atáirgfear iad trí mhodhanna góchumtha ná an seans go bhfaighfear faisnéis amhail dintiúir logála isteach, atá níos soghabhálaí i leith rioscaí rochtana/nochta agus ionramháil agus mí-úsáid ag tríú páirtithe, mar shampla cúbláil ar líne. Dar le Airbnb, ní hé amháin gurb ionann doiciméad aitheantais bailí is féidir a chur síos don sealbhóir cuntais de chuid Airbnb atá i gceist agus bunús daingean ar ar féidir teacht ar an gconclúid gurb ionann an t-úsáideoir deiridh agus an duine a mhaíonn sé/sí a bheith ann/inti, ach neartaíonn sé iontaoibh ar an ardán freisin. Luaigh Airbnb, mar shampla, gur gnách go mbíonn drogall ar éagóiritheoirí faisnéis a sholáthar faoina gcéannacht agus faoina gcúlra agus iad ag iarraidh gníomhaíochtaí neamhdhlisteanacha a sheoladh, rud a fhágann go gcabhraíonn soláthar an doiciméid aitheantais le hiontaoibh a chothú idir Airbnb agus a chuid úsáideoirí agus, go deimhin, idir na húsáideoirí féin. Ós rud é gur gá dó bearta láidre sábháilteachta agus slándála a dhearadh, a chur chun feidhme agus a chothabháil i gcomhréir leis na freagrachtaí atá air i leith a chuid úsáideoirí agus i leith na sochaí i gcoitinne, luaigh Airbnb go gcreideann sé go bhfuil a phróisis fíorúcháin céannachta ina modh riachtanach comhréireach chun pobal Airbnb agus, go deimhin, an mórphobal a chosaint, i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá air faoi RGCS.

13. Maidir leis an mbunús dlí a raibh Airbnb ag brath air chun cur chun feidhme a

dhéanamh ar cheanglais fíorúcháin céannachta lenar éilíodh cóipeanna d'aitheantas a chuid ball/óstach chun céannacht a fhíorú, mhaígh Airbnb gur tharla sé, le linn dó na ceanglais sin a chur chun feidhme, go raibh sé ag brath ar na leasanna dlisteanacha atá ag Airbnb agus ag a chuid úsáideoirí, comhpháirtithe tráchtála agus tríú páirtithe a bhféadfadh saincheisteanna sábháilteachta agus slándála a eascraíonn as ardán Airbnb, nó atá bainteach le hardán Airbnb ar shlí eile, dul i bhfeidhm orthu, i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(f) RGCS.

14. Mar fhreagra ar an gceist ón gCoimisiún maidir le cé acu a sholáthraíonn nó nach soláthraíonn Airbnb dá chuid ball/óstach modhanna eile trínar féidir leo a gcéannacht a fhíorú, dúirt Airbnb go ndéanann sé iarracht de ghnáth céannacht úsáideora a fhíorú gan cóip de dhoiciméad aitheantais a iarraidh, mar shampla trí fhaisnéis cuntais a fhíorú in aghaidh bunachair sonraí iontaofa sheachtracha. Dar le Airbnb, i gcás go dteipeann ar an iarracht sin, is féidir go n-iarrfaidh sé ar an úsáideoir faisnéis bhreise, amhail a (h)ainm dlíthiúil agus a s(h)eoladh, a chur isteach. Luaigh Airbnb gur úsáideadh na modhanna fíorúcháin sin sa chás seo ach gur theip orthu a céannacht a fhíorú.

15. Maidir leis an gceist ón gCoimisiún maidir le haon iarrachtaí íoslaghdú sonraí a rinne Airbnb, luaigh Airbnb go bhféachfadh sé le céannacht úsáideora a fhíorú ar dtús gan cóip de dhoiciméad aitheantais agus/nó íomhá fhorlíontach a iarraidh. Dar le Airbnb, i gcás go gceanglaítear aitheantas agus íomhá fhorlíontach, próiseálann sé an fhaisnéis sin de réir na gcríoch sábháilteachta agus slándála atá leagtha amach ina Théarmaí Seirbhíse agus ina Bheartas Príobháideachta agus sna hacmhainní dá dtagraítear iontu. Seachas oibleagáidí dlíthiúla sonracha a chomhlíonadh, mar shampla reachtaíocht frithsciúrtha airgid, dúirt Airbnb gur féidir na críocha ábhartha ar chucu a iarrtar cóip d'aitheantas úsáideora a thuairisciú mar a leanas: (1) céannacht úsáideoirí Airbnb a fhíorú chun críocha sábháilteachta agus slándála; agus (2) an fhaisnéis sin a úsáid chun críocha gaolmhara sábháilteachta agus slándála, mar shampla imscrúdú a dhéanamh ar theagmhais ar ardán Airbnb atá nasctha le haitheantais a soláthraíodh roimhe sin do Airbnb. Dar le Airbnb, nuair a uaslódáiltear aitheantais agus íomhánna forlíontacha isteach ar ardán Airbnb, úsáideann sé bearta criptiúcháin ó cheann ceann do na próisis ábhartha aistrithe agus stórála agus nach dtugann sé rochtain ar na doiciméid sin ach amháin do phearsanra údaraithe sonrach chun na gcríoch sonrach sábháilteachta agus slándála atá tuairiscithe thuas.

16. Mar fhreagra ar an gceist ón gCoimisiún maidir leis an dáta a chláraigh an Gearánach mar bhall/óstach, agus mar fhreagra ar an iarraidh ón gCoimisiún ar chóipeanna de na Téarmaí Seirbhíse agus den Bheartas Príobháideachta a bhí i bhfeidhm nuair a chláraigh sí mar bhall/óstach, luaigh Airbnb gur chláraigh an

Gearánach an cuntas atá i gceist an 23 Meán Fómhair 2017. Sholáthair Airbnb cóipeanna de na Téarmaí Seirbhíse agus den Bheartas Príobháideachta a bhí i bhfeidhm nuair a chuaigh an Gearánach isteach in ardán Airbnb an 23 Meán Fómhair 2017. Dúirt Airbnb gur cuireadh naisc chuig na doiciméid sin ar fáil don Ghearánach i dtús an phróisis chun cuntas Airbnb a chruthú. Dúirt Airbnb go dtugtar i rannán 2.4 de na Téarmaí Seirbhíse agus i rannáin 1.1, 1.3 agus 2.2 den Bheartas Príobháideachta eolas do dhaoine aonair faoi phróisis fíorúcháin céannachta Airbnb.

17. Maidir leis na dátaí a liostaigh an Gearánach na réadmhaoine ar Airbnb den chéad uair, dúirt Airbnb gur liostaigh an Gearánach an chéad réadmhaoin dá cuid an 11 Márta 2018 agus gur liostaigh sí an dara réadmhaoin an 20 Lúnasa 2020.

18. Maidir le haon sonraí fíorúcháin céannachta a choinneáil tar éis an phróisis fíorúcháin, luaigh Airbnb gur gnách leis doiciméid aitheantais agus íomhánna forlíontacha a choinneáil ar feadh thréimhse chuntas an úsáideora, chun na gcríoch a bhí leagtha amach cheana féin de réir na leasanna dlisteanacha atá ag Airbnb agus ag a chuid úsáideoirí, comhpháirtithe tráchtála agus tríú páirtithe a bhféadfadh saincheisteanna sábháilteachta agus slándála a eascraíonn as ardán Airbnb, nó atá bainteach le hardán Airbnb ar shlí eile, dul i bhfeidhm orthu. Dar le Airbnb, is féidir in imthosca áirithe go gcoinneofar doiciméid aitheantais tar éis cuntas Airbnb a scriosadh, mar shampla chun na hoibleagáidí dlíthiúla atá ar Airbnb nó ar a chleamhnaithe, amhail oibleagáidí faoi reachtaíocht frithsciúrtha airgid, a chomhlíonadh, de réir Airteagal 6(1)(c) RGCS, nó, nuair is gá, i ndáil le héilimh dhlíthiúla, de réir Airteagal 17(3)(e) RGCS. Luaigh Airbnb go gcreideann sé go bhfuil a phróisis fíorúcháin céannachta ina modh riachtanach comhréireach chun pobal Airbnb agus, go deimhin, an mórphobal a chosaint, i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá air faoi RGCS.

19. Maidir le haon phróiseáil bhreise a dhéanann Airbnb ar shonraí pearsanta, i gcás go gcoinnítear na sonraí fíorúcháin céannachta tar éis an phróisis fíorúcháin, luaigh Airbnb go gcuirtear na bearta breise sábháilteachta agus slándála atá leagtha amach cheana féin i gcrích ar mhaithe leis na leasanna dlisteanacha atá ag Airbnb agus ag a chuid úsáideoirí, comhpháirtithe tráchtála agus tríú páirtithe a bhféadfadh saincheisteanna sábháilteachta agus slándála a eascraíonn as ardán Airbnb, nó atá bainteach le hardán Airbnb ar shlí eile, dul i bhfeidhm orthu, i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(f) RGCS. Dar le Airbnb, is féidir in imthosca áirithe go bpróiseálfar doiciméid aitheantais freisin chun an reachtaíocht frithsciúrtha airgid nó oibleagáidí dlíthiúla eile a bhfuil Airbnb agus a chleamhnaithe faoina réir a chomhlíonadh, de réir Airteagal 6(1)(c) RGCS, nó i gcás go bhfuil aitheantas nó íomhá fhorlíontach, ar ábhar d’iarraidh scriosta é/í, ag teastáil i ndáil le héilimh dhlíthiúla, de réir Airteagal 17(3)(e) RGCS.

20. Maidir le toiliú an Ghearánaigh le haon phróiseáil ar shonraí pearsanta a bhaineann leis an bpróiseas fíorúcháin céannachta, luaigh Airbnb nár seoladh na próisis fíorúcháin céannachta, arbh ábhar don fhiosrúchán seo iad, ar bhonn toilithe faoi Airteagal 6(1)(a) RGCS agus, ina ionad sin, gur seoladh iad ar bhonn na leasanna dlisteanacha faoi Airteagal 6(1)(f) RGCS, mar atá leagtha amach thuas.

21. Maidir le haon amhrais réasúnacha a bhí ar Airbnb maidir le céannacht an Ghearánaigh agus a d'fhág gur mheas Airbnb go raibh sé riachtanach cóip d'aitheantas an Ghearánaigh a iarraidh, luaigh Airbnb gur thuig sé an cheist sin mar cheann a bhaineann le hAirteagal 12(6) RGCS. Luaigh Airbnb nach bhfuil feidhm ag Airteagal 12(6) RGCS sa chás seo toisc go ndearnadh an iarraidh ar aitheantas chun céannacht an Ghearánaigh a fhíorú mar chuid dá iarrachtaí chun ardán Airbnb agus iad sin a bhaineann leis a choimirciú agus nach ndearnadh an iarraidh i gcomhthéacs Airteagail 15 go 21 RGCS. Luaigh Airbnb nach bhfuil feidhm ag an gcritéar amhras réasúnach ach amháin i gcomhthéacs chearta an ábhair sonraí, ar cearta iad nach ábhar don fhiosrúchán ná don ghearán bunúsach iad. Beag beann air sin, agus mar chuid dá iarrachtaí leanúnacha chun ardán Airbnb agus iad sin a bhaineann leis a choimirciú, luaigh Airbnb go bhféachann sé le fíorúchán a dhéanamh agus a fheabhsú ar chuntais, nuair is cuí. Luaigh Airbnb go ndearnadh iarracht céannacht an Ghearánaigh a fhíorú gan doiciméad aitheantais ná íomhá fhorlíontach a iarraidh. Mar sin féin, mhaígh Airbnb gur tharla sé, nuair a theip ar na bearta fíorúcháin sin, go raibh sé riachtanach cóip de dhoiciméad aitheantais an Ghearánaigh a iarraidh agus a phróiseáil trí thairseach shlán.

22. Mar fhreagra ar an gceist ón gCoimisiún maidir le cén uair agus conas a thug Airbnb fógra don Ghearánach faoi Théarmaí Seirbhíse, Beartas Fíorúcháin Céannachta agus Beartas Príobháideachta Airbnb den chéad uair, thagair Airbnb do na haighneachtaí a rinne sé roimhe sin i ndáil leis na Téarmaí Seirbhíse agus leis an mBeartas Príobháideachta a bhí i bhfeidhm nuair a chláraigh an Gearánach an cuntas atá i gceist an 23 Meán Fómhair 2017. Sholáthair Airbnb don Choimisiún freisin na Téarmaí Seirbhíse agus an Beartas Príobháideachta a bhí i bhfeidhm nuair a iarradh ar an nGearánach a céannacht a fhíorú an 27 Samhain 2019 (agus a raibh feidhm acu freisin i mí Iúil 2020), mar aon le cóip den fhógra ríomhphoist a seoladh chuig an nGearánach maidir leis na Téarmaí Beartais nuashonraithe. Dúirt Airbnb go dtugtar i rannán 2.4 de na Téarmaí Seirbhíse agus i rannáin 2.1.1, 2.1.3, 2.1.5 agus 3.2 den Bheartas Príobháideachta eolas do dhaoine aonair faoi phróisis fíorúcháin céannachta Airbnb. Sholáthair Airbnb don Choimisiún freisin cóip de na hailt ábhartha den Lárionad Cabhrach maidir leis na próisis fíorúcháin céannachta a bhí i bhfeidhm ag Airbnb ag na hamanna ábhartha sna blianta 2017, 2019 agus 2020. Dúirt

Airbnb go gcuirtear na hacmhainní sin ar fáil d'úsáideoirí trí hipearnaisc sa Bheartas Príobháideachta agus go díreach tríd an Lárionad Cabhrach.

23. D'eisigh an Coimisiún tuilleadh comhfhreagrais agus ceisteanna breise chuig Airbnb an 09 Lúnasa 2022.

24. Thug Airbnb an freagra uaidh don Choimisiún an 16 Lúnasa 2022. Dúirt Airbnb gur seoladh teachtaireacht chuig an nGearánach an 27 Samhain 2019 chun iarraidh uirthi a céannacht a fhíorú agus thug sé cóip den chomhfhreagras sin don Choimisiún. Dúirt Airbnb gur seoladh iarraidh leantach chuig an nGearánach an 04 Nollaig 2019 agus thug sé cóip den chomhfhreagras sin don Choimisiún. Dúirt Airbnb go ndearna an Gearánach iarracht cóip dá haitheantas a uaslódáil an 08 Nollaig 2019 agus gur diúltaíodh don chóip sin toisc go raibh roinnt gnéithe tábhachtacha den aitheantas, lenar áiríodh an grianghraf den Ghearánach, ceilte agus toisc go raibh a haitheantas éagtha. Luaigh Airbnb go bhfuair an Gearánach fógra eile faoi sin agus gur iarradh uirthi an fhaisnéis a uaslódáil an athuair. Thug sé cóip den chomhfhreagras sin don Choimisiún. Dúirt Airbnb gur mheabhraigh sé an ceanglas fíorúcháin a bhí amuigh don Ghearánach an 16 Nollaig 2019. Luaigh Airbnb nach ndearna an Gearánach aon iarracht eile a haitheantas a uaslódáil ach amháin i mí Iúil 2020. Dar le Airbnb, iarradh ar an nGearánach a céannacht a fhíorú le linn di réadmhaoin eile a liostú ar Airbnb an 15 Iúil 2020; luaigh Airbnb gur tharla sé, *"toisc gur phróiseas intáirge é sin a sheol an gearánach trí chomhéadan ardáin Airbnb",* nach raibh aon chóipeanna aige de na hiarrataí. Sholáthair sé seatanna teimpléadacha scáileáin den phróiseas, áfach. Dúirt Airbnb go ndearna an Gearánach iarracht a haitheantas a uaslódáil faoi dhó an 15 Iúil 2020 agus gur diúltaíodh do na nithe a uaslódáladh an athuair toisc go raibh gnéithe den aitheantas ceilte agus toisc go raibh an t-aitheantas éagtha. Luaigh Airbnb gur sheol an Gearánach ríomhphost chuig Airbnb maidir lena chleachtais fíorúcháin céannachta agus gur cuireadh in iúl di go mbeadh fíorúchán céannachta ag teastáil. Dúirt Airbnb gur éirigh leis an nGearánach a haitheantas a uaslódáil ar deireadh an 20 Lúnasa 2020 agus sholáthair sé seat scáileáin de na logaí uaslódála aitheantais.

25. D'eisigh an Coimisiún tuilleadh ceisteanna chuig Airbnb an 16 Meán Fómhair 2022.

26. Thug Airbnb an freagra uaidh don Choimisiún an 23 Meán Fómhair 2022. Dúirt Airbnb go ndearna sé iarracht céannacht an Ghearánaigh a fhíorú ar dtús gan doiciméad aitheantais a iarraidh agus gur fhéach sé leis an bhfaisnéis a bhí ann cheana ar chuntas an Ghearánaigh a chur i gcomparáid le bunachair sonraí iontaofa sheachtracha. Dar le Airbnb, nuair a theip ar an iarracht sin, thug sé rogha don Ghearánach a hainm dlíthiúil agus a seoladh a chur isteach nó cóip dá haitheantas a sholáthar chun críocha fíorúcháin. Luaigh Airbnb gur roghnaigh

an Gearánach a hainm dlíthiúil agus a seoladh a chur isteach. Mar sin féin, ní raibh sé in ann céannacht an Ghearánaigh a fhíorú trí na mionsonraí sin a úsáid, rud a d'fhág gur iarr sé cóip dá haitheantas ansin. Maidir leis an tseiceáil fíorúcháin tosaigh a rinne Airbnb ar an bhfaisnéis cuntais a bhí ann cheana, dúirt Airbnb go ndearnadh í gan aon chaidreamh a dhéanamh leis an nGearánach. Dar le Airbnb, nuair a theip ar na hiarrachtaí fíorúcháin sin, fuair an Gearánach ríomhphost dar dáta an 27 Samhain 2019 inar iarradh uirthi bearta fíorúcháin a dhéanamh. Leis an nasc fíorúcháin sa ríomhphost uaidh, tugadh an Gearánach chuig an bpróiseas fíorúcháin cuntais intáirge. Léirigh Airbnb an próiseas sin trí sheat scáileáin a sholáthar de. Dar le Airbnb, sholáthair an Gearánach a hainm dlíthiúil agus a seoladh ach theip ar na hiarrachtaí a rinneadh a céannacht a fhíorú trí na mionsonraí sin a úsáid. Sholáthair sé seat scáileáin dá loga inmheánach ar iarracht fíorúcháin ar theip uirthi.

27. D'eisigh an Coimisiún tuilleadh ceisteanna chuig Airbnb an 16 Eanáir 2023.

28. Thug Airbnb freagra ar na ceisteanna sin an 25 Eanáir 2023. Maidir leis an gcríoch ar chuici a coinníodh cóip de na doiciméid aitheantais agus/nó na grianghraif a chuir an Gearánach isteach de bhun na n-iarrataí a rinne Airbnb chuici idir an 27 Samhain 2019 agus an 20 Lúnasa 2020, dúirt Airbnb go gcoinníonn sé na sonraí sin chun críocha sábháilteachta agus slándála tar éis an phróisis fíorúcháin céannachta. Áirítear leis na críocha sábháilteachta agus slándála sin críocha feabhsúcháin slándála, mar shampla athbhreithnithe comparáideacha a dhéanamh idir doiciméid aitheantais bharántúla agus doiciméid aitheantais chalaoiseacha agus treochtaí éiritheacha ina leith sin a dhoiciméadú, feabhas a chur ar na modhanna a úsáideann sé chun doiciméid aitheantais a chur i gcomparáid leis na híomhánna forlíontacha a sholáthraíonn úsáideoirí, agus sainaithint a dhéanamh ar shaincheisteanna teicniúla a bhaineann le híomhánna a ndearna an t-úsáideoir athrú orthu a uaslódáil.

29. Maidir le mionsonraí faoin líon doiciméad aitheantais agus/nó faoin líon grianghraf de chuid an Ghearánaigh nár mheas Airbnb iad a bheith inghlactha le linn na tréimhse sin, agus maidir leis an tuairisc ar na doiciméid agus/nó na grianghraif sin, dúirt Airbnb gur thuig sé é sin a bheith ina iarraidh ar shoiléire maidir leis an líon beacht uaireanta a rinne an Gearánach iarracht na sonraí sin a uaslódáil agus maidir le cineál an ábhair a soláthraíodh. Dar le Airbnb, rinne an Gearánach iarracht cóip dá pas a uaslódáil an 8 Nollaig 2019 ach níor glacadh leis sin toisc go raibh roinnt gnéithe den aitheantas, lenar áiríodh an grianghraf den Ghearánach, ceilte. Luaigh Airbnb go raibh an t-aitheantas éagtha agus nach raibh sé bailí dá dheasca sin. Dar le Airbnb, rinne an Gearánach dhá iarracht eile a pas a uaslódáil an 15 Iúil 2020 agus diúltaíodh dóibh sin an athuair mar gheall ar shaincheisteanna ceilte den chineál céanna agus ar an bhfíoras go raibh an t-aitheantas neamhbhailí toisc go raibh sé éagtha.

## An Réamh-Dhréachtchinneadh a Chur in Iúl don Rialaitheoir Sonraí

30. Sholáthair an Coimisiún cóip den réamh-dhréachtchinneadh do Airbnb agus d'iarr sé air aon aighneachtaí a dhéanamh faoin 25 Aibreán 2023.

31. Sna haighneachtaí a rinne sé ina dhiaidh sin an 25 Aibreán 2023, thug Airbnb na réamhfhionnachtana ón gCoimisiún agus an t-ordú ceartúcháin faoi deara agus dúirt sé nach raibh sé beartaithe aige aon aighneachtaí breise a dhéanamh ag an am sin. Dar le Airbnb, dá dtabharfaí an t-ordú ceartúcháin i gcrích ar an modh a bhí beartaithe sa dréacht sin den chinneadh, bhí sé beartaithe aige na bearta riachtanacha a dhéanamh chun an t-ordú a chomhlíonadh agus mionsonraí faoin gcomhlíonadh sin a thabhairt don Choimisiún.

32. Rinne an Coimisiún breithniú cúramach ar na haighneachtaí ó Airbnb le linn dó an cinneadh seo a dhéanamh.

## An Réamh-Dhréachtchinneadh a Chur in Iúl don Ghearánach

33. Sholáthair an Coimisiún cóip den réamh-dhréachtchinneadh don Ghearánach trí Údarás Cosanta Sonraí Bheirlín an 11 Aibreán 2023 agus d'iarr sé uirthi aon aighneachtaí a dhéanamh faoin 16 Bealtaine 2023.

34. Chuir Údarás Cosanta Sonraí Bheirlín in iúl don Choimisiún an 17 Bealtaine 2023 nach ndearna an Gearánach aon aighneachtaí maidir leis an réamh-dhréachtchinneadh.

## Agóidí Ábhartha Réasúnaithe ó na "húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann"

35. Tar éis dó an dréachtchinneadh an 19 Bealtaine 2023 a tharchur chuig na "húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann" de réir Airteagal 60(3) RGCS, ní bhfuair an Coimisiún aon agóidí ábhartha réasúnaithe faoi Airteagal 60(4) RGCS.

36. Ós rud é nach bhfuair aon cheann de na húdaráis mhaoirseachta aon agóidí ábhartha réasúnaithe laistigh de thréimhse ceithre seachtaine, agus tar éis dul i gcomhairle leis an 19 Bealtaine 2023, níor athbhreithnigh an Coimisiún an dréachtchinneadh.

**<u>An Dlí is Infheidhme</u>**

37. Chun scrúdú agus measúnú a dhéanamh ar an ngearán seo, bhreithnigh an Coimisiún na hAirteagail seo a leanas de RGCS:

- Airteagal 5
- Airteagal 6
- Airteagal 7
- Airteagal 12
- Airteagal 13

**<u>Fionnachtana an Fhiosrúcháin</u>**

**<u>Saincheist A: Cé acu a bhí nó nach raibh bunús dleathach ag Airbnb le cóip/cóipeanna d'aitheantas an Ghearánaigh agus/nó dá grianghraf/grianghraif a iarraidh chun a céannacht a fhíorú, go háirithe i gcás nár sholáthair sí, mar bhall/óstach cláraithe de chuid Airbnb, a haitheantas agus/nó a grianghraif do Airbnb roimhe sin</u>**

38. Mhaígh an Gearánach go ndearna Airbnb próiseáil éagórach ar chóipeanna dá haitheantas agus/nó dá grianghraf chun a céannacht a fhíorú agus nach raibh aon bhunús dlí aige le déanamh amhlaidh.

39. Chruthaigh an Gearánach a cuntas ar Airbnb an 23 Meán Fómhair 2017 agus tá sí ina húsáideoir cláraithe, mar bhall agus mar óstach araon, ar ardán Airbnb ó shin i leith. Tá réadmhaoin á ligean ar cíos ag an nGearánach le custaiméirí ar ardán Airbnb ó mhí an Mhárta 2018 i leith. Mhaígh an Gearánach gur iarr Airbnb cóip dá haitheantas go héagórach an 27 Samhain 2019. Sholáthair an Gearánach cóip d'aitheantas éagtha do Airbnb agus, ina dhiaidh sin, sholáthair sí cóip fholaithe dá haitheantas do Airbnb. Tharla sé ar an dá ócáid, áfach, nár mheas Airbnb na cóipeanna sin a bheith ina gcruthúnas dóthanach ar chéannacht. Dar leis an nGearánach, nuair a bhí sí ag iarraidh réadmhaoin eile a liostú ar Airbnb lena ligean ar cíos i mí Iúil 2020, chuir Airbnb cosc éagórach uirthi déanamh amhlaidh go dtí go soláthródh sí cóip dá haitheantas agus dá grianghraf atá cothrom le dáta agus neamhcheilte chun a céannacht a dheimhniú; luaigh sí go ndúirt Airbnb léi go gcuireann sé an fíorúchán céannachta sin i bhfeidhm i leith gach óstaigh gan aon eisceacht. An 15 Iúil 2020, d'iarr Airbnb ar an nGearánach a céannacht a fhíorú le linn di clárú do réadmhaoin eile a liostú agus rinne an Gearánach dhá iarracht aitheantas éagtha agus aitheantas ceilte a uaslódáil an 15 Iúil 2020. Dhiúltaigh Airbnb dóibh sin arís. Rinne an Gearánach teagmháil le Airbnb maidir lena chleachtais fíorúcháin

céannachta agus chuir Airbnb in iúl di go mbeadh fíorúchán céannachta ag teastáil. An 20 Iúil 2020, sholáthair an Gearánach cóip dá haitheantas do Airbnb ar an modh a iarradh. Ba ag an am sin a measadh gur éirigh leis an nGearánach a céannacht a fhíorú. Dar leis an nGearánach, ní raibh sé riachtanach cóip dá haitheantas a sholáthar agus mhainnigh Airbnb aon chúis agus/nó aon bhunús dleathach a thabhairt le cóipeanna dá haitheantas agus dá grianghraif a phróiseáil. D'áitigh sí gurbh éifeachtach a bheadh modhanna aitheantais eile, go háirithe beart/rogha nach mbeadh chomh hionsáiteach céanna agus nach gceanglófaí leis/léi cóip dá haitheantas a sholáthar, agus gur leor na modhanna sin chun a céannacht a fhíorú.

40. Le linn an Fhiosrúcháin, luaigh Airbnb go raibh sé ag brath ar na leasanna dlisteanacha atá ag Airbnb agus ag a chuid úsáideoirí, comhpháirtithe tráchtála agus tríú páirtithe, de réir Airteagal 6(1)(f) RGCS, mar bhunús dlí le cóip d'aitheantas an Ghearánaigh a iarraidh chun a céannacht a fhíorú. Dhearbhaigh Airbnb go bhfuil a nósanna imeachta fíorúcháin ina modh riachtanach comhréireach chun pobal Airbnb a chosaint, i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá air faoi RGCS.

41. Le linn don Choimisiún an gearán a láimhseáil, luaigh Airbnb go bhfuil sábháilteacht agus slándáil a chuid úsáideoirí ríthábhachtach dó agus go n-iarrann sé ar úsáideoirí a gcéannacht a fhíorú chun cur ar a chumas a dheimhniú gurb ionann iad agus na daoine a mhaíonn siad a bheith iontu. Dar le Airbnb, mar chuid de na hiarrachtaí leanúnacha a dhéanann sé a bhearta sábháilteachta agus slándála a fheabhsú agus pobal Airbnb a chosaint, tá a cheanglais fíorúcháin céannachta á leathnú aige ar fud an domhain agus tá tír chónaithe an Ghearánaigh ar cheann amháin den líon mór dlínsí inar cuireadh an clár leathnaithe sin chun feidhme agus, dá bhrí sin, iarradh ar an nGearánach cóip dá haitheantas a sholáthar chun a céannacht a fhíorú.

42. Dar le Airbnb, sular chuir sí na bearta fíorúcháin riachtanacha i gcrích go rathúil, sholáthair an Gearánach cruthúnas céannachta neamh-leordhóthanach, lenar áiríodh cóip d'aitheantas éagtha agus cóip neamhfholaithe agus cheilte dá haitheantas agus dá grianghraf/grianghraif. Rinne Airbnb tagairt do rannán de "*leathanach aitheantais agus fíorúcháin an Lárionaid Cabhrach*" dar teideal "*How does it work when Airbnb verifies your identity?".* Threoraigh Airbnb an Gearánach chuig an leathanach sin sna cumarsáidí a sheol sé chuici. Luaitear sa doiciméad sin go gceanglaíonn Airbnb cóip de dhoiciméad aitheantais bailí, ar doiciméad é ina bhfuil an fhaisnéis ábhartha neamhcheilte. Dar le Airbnb, sa rannán dar teideal "*How do I submit my government ID?*", moltar d'úsáideoirí grianghraif ar a léirítear an duine aonair atá i gceist go soiléir a chur isteach. Luaigh Airbnb go bhfuil sé mar aidhm leis na ceanglais sin go léir a chinntiú go bhfuil an próiseas fíorúcháin sách láidir chun leas phobal Airbnb ina iomláine.

<u>*Bunús dleathach a bheith ann*</u>

43. In Airteagal 4(2) RGCS, sainmhínítear próiseáil mar *“aon oibríocht nó aon sraith d'oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna de shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú”*.

44. Luaitear mar a leanas in Airteagal 6(1)(f) RGCS: *“is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, seachas i gcás ina mbeidh sáraíocht ag leasanna nó cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí ar na leasanna sin, lena gceanglaítear go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe más leanbh é an t-ábhar sonraí”*.

45. Maidir leis an iarraidh a rinne Airbnb ar chóip d’aitheantas an Ghearánaigh mar chuid de phróiseas fíorúcháin céannachta a seoladh chun na leasanna dlisteanacha atá aige a bhaint amach agus a chuir úsáid an Ghearánaigh as ardán Airbnb, agus rochtain an Ghearánaigh ar an ardán sin, faoi réir a haitheantas a chur isteach, measann an Coimisiún gurbh ionann an iarraidh sin agus bailiú sonraí pearsanta agus próiseáil de réir an tsainmhínithe atá leagtha amach in Airteagal 4(2) RGCS.

46. Tugann an Coimisiún faoi deara gur mhaígh Airbnb gurbh iad na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir an bunús dleathach le cóip d’aitheantas a iarraidh chun céannacht úsáideora a fhíorú chun a dheimhniú gurb ionann í agus an duine a mhaíonn sí a bheith inti ar mhaithe le sábháilteacht agus slándáil úsáideoirí ardán Airbnb a chosaint, de réir Airteagal 6(1)(f) RGCS. Agus é ag tabhairt faoi deara go dtarlaíonn sé trí ardán Airbnb go dtugtar óstaigh agus daoine nach bhfuil aithne acu ar a chéile le chéile i staid ina mbuaileann siad i ndáiríre i bpearsa ag áitreabh an óstaigh, nó in áit eile, aontaíonn an Coimisiún go bhfuil leas dlisteanach ag baint le Airbnb a bheith ag cinntiú go bhfuil bearta leordhóthanacha sábháilteachta agus slándála i bhfeidhm aige chun úsáideoirí an ardáin a chosaint. Dá bhrí sin, is mór idir an tseirbhís a oibríonn Airbnb agus seirbhís a sholáthraítear go hiomlán ar líne amhail ardán meán sóisialta. Ós rud é go bhfanann baill Airbnb ag áitreabh an óstaigh “san fhíorshaol”, aithníonn an Coimisiún a thábhachtaí atá sé céannacht na n-óstach a fhíorú chun a chinntiú gurb ionann iad agus na daoine a mhaíonn siad a bheith iontu. Ós rud é gur luaigh Airbnb gur theip ar mhodhanna eile chun céannacht an óstaigh seo a bhailíochtú, cinneann an Coimisiún go raibh sé riachtanach an

t-aitheantas fótagrafach a phróiseáil ar mhaithe leis an leas dlisteanach. Ar deireadh, cinneann sé gurb amhlaidh, i dtástáil cothromúcháin, nach ndéanann an próiseas fíorúcháin sin aon dochar do chearta an óstaigh.

47. **Sna himthosca sin, mar sin, cinneann an Coimisiún go raibh Airbnb ag brath go bailí ar Airteagal 6(1)(f) mar bhunús dlí d'aitheantas fótagrafach agus/nó grianghraif an Ghearánaigh seo a phróiseáil a luaithe a theip ar na hiarrachtaí eile a rinne sé a céannacht a fhíorú gan aon aitheantas.**

**Saincheist B: Cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon Airbnb prionsabal an íoslaghdaithe sonraí nuair a d'iarr sé cóip d'aitheantas an Ghearánaigh agus/nó dá grianghraf/grianghraif chun a cuntas a fhíorú agus le linn dó próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta a bhaineann leis an gcéanna.**

48. Maidir le sonraí pearsanta, luaitear mar a leanas in Airteagal 5(1)(c) RGCS: *"beidh siad leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil ("íoslaghdú sonraí")*."

49. Maidir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí, tugann an Coimisiún faoi deara an aighneacht ó Airbnb á rá go ndearna sé iarracht céannacht an Ghearánaigh a fhíorú ar dtús gan doiciméad aitheantais a iarraidh agus gur fhéach sé leis an bhfaisnéis a bhí ann cheana ar chuntas an Ghearánaigh a chur i gcomparáid le bunachair sonraí iontaofa sheachtracha. Tugann an Coimisiún faoi deara an aighneacht ó Airbnb á rá gur tharla sé, nuair a theip ar an iarracht sin, gur thug sé rogha don Ghearánach a hainm dlíthiúil agus a seoladh a chur isteach nó cóip dá haitheantas a sholáthar chun críocha fíorúcháin. Tugann an Coimisiún faoi deara an aighneacht ó Airbnb á rá gur roghnaigh an Gearánach a hainm dlíthiúil agus a seoladh a chur isteach ach nach raibh sé in ann céannacht an Ghearánaigh a fhíorú trí na mionsonraí sin a úsáid, rud a d'fhág gur iarr sé cóip dá haitheantas ansin. Tugann an Coimisiún faoi deara an aighneacht ó Airbnb á rá, maidir leis an tseiceáil fíorúcháin tosaigh a rinne Airbnb ar an bhfaisnéis cuntais a bhí ann cheana, go ndearnadh í gan aon chaidreamh a dhéanamh leis an nGearánach agus gur tharla sé, nuair a theip ar na hiarrachtaí fíorúcháin sin, go bhfuair an Gearánach ríomhphost ó Airbnb an 27 Samhain 2019 inar iarradh uirthi bearta fíorúcháin a dhéanamh. Cuireadh fianaise tacaíochta faoi bhráid an Fhiosrúcháin seo chun a léiriú go ndearna Airbnb iarrachtaí tosaigh céannacht an Ghearánaigh a fhíorú gan chóip d'aitheantas fótagrafach ar an gcéad ásc. Go háirithe, sholáthair Airbnb seat scáileáin dá loga inmheánach ar iarracht fíorúcháin ar theip uirthi.

50. In imthosca na gné seo de chás an Ghearánaigh, mar sin, is deimhin leis an gCoimisiún go ndearna Airbnb breithniú leordhóthanach ar phrionsabal an

íoslaghdaithe sonraí nuair a d'iarr sé ar an nGearánach cóip dá haitheantas fótagrafach a sholáthar tar éis gur theip ar gach iarracht eile a rinneadh a céannacht a fhíorú. Nuair a theip ar na hiarrachtaí sin, bhí sé riachtanach cóip d'aitheantas fótagrafach an Ghearánaigh a iarraidh chun an próiseas fíorúcháin céannachta a chur i gcrích.

51. **Cinneann an Coimisiún, mar sin, nár sháraigh Airbnb prionsabal an íoslaghdaithe sonraí atá leagtha amach in Airteagal 5(1)(c) RGCS sa chás ar leith seo nuair a cheangail sé ar an nGearánach a céannacht a fhíorú trí chóip dá haitheantas fótagrafach agus/nó dá grianghraif a chur isteach.**

52. Tugann an Coimisiún faoi deara gur gnách le Airbnb doiciméid aitheantais agus íomhánna forlíontacha a choinneáil ar feadh thréimhse chuntas an úsáideora, chun céannacht úsáideoirí Airbnb a fhíorú chun críocha sábháilteachta agus slándála. Tugann an Coimisiún faoi deara go gcoinníonn Airbnb an fhaisnéis sin chun críocha gaolmhara sábháilteachta agus slándála, mar shampla imscrúdú a dhéanamh ar theagmhais ar ardán Airbnb atá nasctha le haitheantais a soláthraíodh roimhe sin do Airbnb, de réir na leasanna dlisteanacha atá ag Airbnb agus ag a chuid úsáideoirí, comhpháirtithe tráchtála agus tríú páirtithe a bhféadfadh saincheisteanna sábháilteachta agus slándála a eascraíonn as ardán Airbnb, nó atá bainteach le hardán Airbnb ar shlí eile, dul i bhfeidhm orthu.

53. Maidir le sonraí pearsanta, luaitear mar a leanas in Airteagal 5(1)(b) RGCS: "*déanfar iad a bhailiú chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin*..." Maidir le sonraí pearsanta, luaitear mar a leanas in Airteagal 5(1)(c) RGCS: *"beidh siad leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil ("íoslaghdú sonraí")"*. Maidir le sonraí pearsanta, luaitear mar a leanas in Airteagal 5(1)(e): "*déanfar iad a choinneáil i bhfoirm nach gceadaítear léi na hábhair sonraí a shainaithint ach go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá chun na críocha sin ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaint amach*…[…]…*('teorannú stórála')".*

54. Rinne an Coimisiún breithniú ar cé acu atá nó nach bhfuil na sonraí atá á gcoinneáil ag Airbnb leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá (i dtéarmaí phrionsabal an íoslaghdaithe sonraí) maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil, i.e., céannacht an Ghearánaigh a fhíorú ar mhaithe leis na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag Airbnb, agus ar cé acu a choinnítear nó nach gcoinnítear sonraí den sórt sin go ceann tréimhse is faide ná mar is gá chun na gcríoch sin ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta a iarraidh agus a phróiseáil (prionsabal an teorannaithe stórála). Ní aontaíonn an Coimisiún le seasamh Airbnb go gcoinneodh sé na doiciméid aitheantais bhailí ar feadh thréimhse chuntas an úsáideora. Tar éis do Airbnb an próiseas fíorúcháin a chur i gcrích chun a dheimhneachta, níor theastaigh óna thaifid ach

nóta ar a chomhad ar cén doiciméad aitheantais a cuireadh isteach chun céannacht a fhíorú. I gcás an Ghearánaigh seo, is leor nóta a choinneáil ar chomhad ina dtaifeadtar gur cuireadh cóip de phas bailí isteach an 20 Lúnasa 2020 agus gur dheimhin le Airbnb gur chomhlíon an chóip sin na ceanglais chéannachta. Tar éis an próiseas fíorúcháin céannachta a chur i gcrích go sásúil, ba cheart do Airbnb fáil réidh go sábháilte leis an gcóip a cuireadh isteach. Tá an Coimisiún den tuairim nár léirigh Airbnb go raibh coinneáil bheartaithe an taifid shonraigh sonraí pearsanta sin ar feadh thréimhse chuntas an úsáideora leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid ba ghá maidir leis na críocha ar chucu a próiseáladh iad. Tá an Coimisiún den tuairim go raibh Airbnb ag coinneáil na sonraí pearsanta sin go ceann tréimhse ab fhaide ná mar ba ghá chun na gcríoch ar chucu a bailíodh na sonraí.

55. **Cinneann an Coimisiún gur sháraigh Airbnb prionsabal an íoslaghdaithe sonraí atá leagtha amach in Airteagal 5(1)(c) agus prionsabal an teorannaithe stórála atá leagtha amach in Airteagal 5(1)(e) nuair a choinnigh sé cóip de dhoiciméid aitheantais an Ghearánaigh a cuireadh isteach an 20 Lúnasa 2020 tar éis an próiseas fíorúcháin céannachta a chur i gcrích go rathúil agus ar feadh thréimhse chuntas an úsáideora. Tá na sáruithe sin fós ar siúl.**

56. Is gá tuilleadh breithniúcháin a dhéanamh ar an dóigh ar coinníodh cóip fholaithe de phas éagtha an Ghearánaigh a ndearna sí iarracht í a uaslódáil an 8 Nollaig 2019 agus ar an dóigh ar coinníodh dhá chóip fholaithe de phas an Ghearánaigh a ndearna sí iarracht iad a uaslódáil an 15 Iúil 2020. Tugann an Coimisiún faoi deara gur lean Airbnb le cóipeanna folaithe d'aitheantas fótagrafach an Ghearánaigh a phróiseáil tar éis dó a mheas nach raibh siad dóthanach nó leordhóthanach chun céannacht an Ghearánaigh a fhíorú.

57. Dar le Airbnb, rinne an Gearánach iarracht cóip dá pas a uaslódáil an 8 Nollaig 2019 ach níor glacadh leis sin toisc go raibh roinnt gnéithe den aitheantas, lenar áiríodh an grianghraf den Ghearánach, ceilte. Luaigh Airbnb go raibh an t-aitheantas éagtha agus nach raibh sé bailí dá dheasca sin. Dar le Airbnb, rinne an Gearánach dhá iarracht eile a pas a uaslódáil an 15 Iúil 2020 agus diúltaíodh dóibh sin an athuair mar gheall ar shaincheisteanna ceilte den chineál céanna agus ar an bhfíoras go raibh an t-aitheantas neamhbhailí toisc go raibh sé éagtha. Mar achoimre, mar sin, i dteannta na cóipe den aitheantas bailí ar uaslódáil an Gearánach go rathúil í an 20 Lúnasa 2020, choinnigh Airbnb ar comhad cóip fholaithe de phas éagtha an Ghearánaigh a ndearna sí iarracht í a uaslódáil an 8 Nollaig 2019 agus dhá chóip fholaithe de phas an Ghearánaigh a ndearna sí iarracht iad a uaslódáil an 15 Iúil 2020.

58. Dar le Airbnb, coinníonn sé na sonraí sin chun críocha sábháilteachta agus

slándála tar éis an phróisis fíorúcháin céannachta freisin, lena n-áirítear críocha feabhsúcháin slándála, mar shampla athbhreithnithe comparáideacha a dhéanamh idir doiciméid aitheantais bharántúla agus doiciméid aitheantais chalaoiseacha agus treochtaí éiritheacha ina leith sin a dhoiciméadú, feabhas a chur ar na modhanna a úsáideann sé chun doiciméid aitheantais a chur i gcomparáid leis na híomhánna forlíontacha a sholáthraíonn úsáideoirí, agus sainaithint a dhéanamh ar shaincheisteanna teicniúla a bhaineann le híomhánna a ndearna an t-úsáideoir athrú orthu a uaslódáil. Sholáthair Airbnb an aighneacht sin mar fhreagra ar an gceist ón gCoimisiún maidir leis an gcríoch ar chuici a coinníodh cóip de na doiciméid aitheantais agus/nó na grianghraif a chuir an Gearánach isteach de bhun na n-iarrataí a rinne Airbnb chuici idir an 27 Samhain 2019 agus an 20 Lúnasa 2020, i.e., i leith na sonraí pearsanta a sholáthair an Gearánach agus ar luaigh Airbnb féin go raibh siad ceilte agus neamhbhailí agus nár mheas sé iad a bheith dóthanach nó leordhóthanach chun na gcríoch dlisteanach a bhí á saothrú.

59. Tá an Coimisiún den tuairim nár léirigh Airbnb go raibh coinneáil na dtaifead sonrach sonraí pearsanta sin leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid ba ghá maidir leis na críocha ar chucu a próiseáladh iad. Tá an Coimisiún den tuairim gur choinnigh Airbnb na sonraí pearsanta sin go ceann tréimhse ab fhaide ná mar ba ghá chun na gcríoch ar chucu a bailíodh na sonraí, ar shonraí pearsanta iad ar mheas Airbnb iad a bheith ceilte agus neamhbhailí. In imthosca an cháis ar leith seo, fuair Airbnb aitheantas bailí ón nGearánach an 20 Lúnasa 2020 agus bhí sé in ann a phróiseas fíorúcháin a chur i gcrích go rathúil ag an am sin. Ar an mbonn sin, ba dheimhin le Airbnb maidir le céannacht an Ghearánaigh agus dúnadh ceist na céannachta ansin. Ní raibh na cóipeanna folaithe agus as dáta de dhoiciméid an Ghearánaigh ábhartha a thuilleadh sa chás seo tar éis di cóip d’aitheantas a shásaigh ceanglais chéannachta Airbnb a chur isteach. Dá bhrí sin, ní raibh aon bhunús bailí ag Airbnb le leanúint leis na cóipeanna folaithe agus éagtha de na pasanna a chuir an Gearánach isteach an 8 Nollaig 2019 agus an 15 Iúil 2020 a choinneáil tar éis a céannacht a fhíorú chun deimhneacht Airbnb an 20 Lúnasa 2020. Nuair a choinnigh Airbnb na doiciméid sin, tá an Coimisiún den tuairim gur sháraigh Airbnb prionsabal an íoslaghdaithe sonraí atá leagtha amach in Airteagal 5(1)(c) agus prionsabal an teorannaithe stórála atá leagtha amach in Airteagal 5(1)(e). Os a choinne sin, dá mba rud é nár éirigh leis an nGearánach a céannacht a fhíorú chun deimhneacht Airbnb an 20 Lúnasa 2020 ná tráth ar bith ina dhiaidh sin, d’fhéadfadh go mbeadh údar bailí ag Airbnb le cóipeanna folaithe agus as dáta de phas an Ghearánaigh a choinneáil fad a bheadh an próiseas fíorúcháin céannachta fós ar siúl.

60. In imthosca chás an Ghearánaigh seo, mar sin, ní deimhin leis an gCoimisiún go ndearna Airbnb breithniú leordhóthanach ar phrionsabail an íoslaghdaithe sonraí agus an teorannaithe stórála nuair a lean sé le sonraí pearsanta a stóráil nár

mheas sé iad a bheith éifeachtach chun críocha fíorúcháin céannachta, ba iad sin: na cóipeanna folaithe agus éagtha de na doiciméid a chuir an Gearánach isteach an 8 Nollaig 2019 agus an 15 Iúil 2020.

61. **Cinneann an Coimisiún, mar sin, gur sáraíodh prionsabal an íoslaghdaithe sonraí atá leagtha amach in Airteagal 5(1)(c) RGCS agus prionsabal an teorannaithe stórála atá leagtha amach in Airteagal 5(1)(e) RGCS nuair a lean Airbnb le doiciméid aitheantais a bhí folaithe go páirteach agus as dáta a phróiseáil agus a choinneáil, ar dhoiciméid iad nár mheas sé iad a bheith dóthanach nó leordhóthanach chun céannacht an Ghearánaigh a fhíorú. Tá na sáruithe sin fós ar siúl.**

**Saincheist C: Cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon Airbnb na Coinníollacha le haghaidh Toilithe nuair a cheangail sé ar an nGearánach a haitheantas agus/nó a grianghraf/grianghraif a chur isteach chun a céannacht a fhíorú agus chun na sonraí pearsanta sin a phróiseáil sula bhféadfadh an Gearánach leanúint le húsáid a bhaint as a cuntas agus an tseirbhís agus iad a rochtain.**

62. Mhaígh an Gearánach gur ceanglaíodh uirthi cóipeanna dá haitheantas a sholáthar agus toiliú le próiseáil na gcóipeanna dá haitheantas. Dúirt sí go raibh sí ag iarraidh réadmhaoin eile a liostú agus gur chuir Airbnb cosc uirthi déanamh amhlaidh go dtí go n-uaslódálfadh sí cóip neamhfholaithe cothrom le dáta dá haitheantas. Dar léi, dá mba rud é nár chuir Airbnb iallach uirthi an tslí sin, ní bheadh sí in ann an dara réadmhaoin a liostú.

63. Mar atá luaite thuas, luaigh Airbnb nár seoladh na próisis fíorúcháin céannachta ar bhonn toilithe faoi Airteagal 6(1)(a) RGCS agus, ina ionad sin, gur seoladh iad ar bhonn na leasanna dlisteanacha faoi Airteagal 6(1)(f) RGCS. Is deimhin leis an gCoimisiún, mar atá leagtha amach thuas, go raibh Airbnb ag brath go bailí ar Airteagal 6(1)(f) mar bhunús dlí leis an bpróiseáil sonraí.

64. **Ós rud é go bhforáiltear le hAirteagal 6 RGCS go dteastaíonn ceann amháin ar a laghad de na sé fhoras le haghaidh próiseáil dhleathach sonraí pearsanta, agus ós rud é gur luaigh Airbnb go raibh sé ag brath ar leasanna dlisteanacha an rialaitheora sonraí sa chás seo, ní raibh aon cheanglas ar Airbnb brath ar thoiliú an Ghearánaigh, ná an toiliú sin a lorg, ar leithligh nuair a d'iarr sé uirthi doiciméid aitheantais agus/nó grianghraif a chur isteach**.

**Saincheist D: Cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon Airbnb prionsabail na trédhearcachta agus an tsoláthair faisnéise nuair a bailíodh sonraí pearsanta**

**an Ghearánaigh.**

65. Luaitear mar a leanas in Airteagal 13(1)(c) RGCS: *"I gcás go mbailítear sonraí pearsanta ábhar sonraí ón ábhar sonraí, tabharfaidh an rialaitheoir...don ábhar sonraí tráth a gheofar na sonraí pearsanta críocha na próiseála dá bhfuil na sonraí pearsanta beartaithe chomh maith leis an mbunús dlí don phróiseáil*". Luaitear mar a leanas in Airteagal 13(1)(d) RGCS: *"I gcás go mbailítear sonraí pearsanta ábhar sonraí ón ábhar sonraí, tabharfaidh an rialaitheoir...don ábhar sonraí tráth a gheofar na sonraí pearsanta, i gcás ina bhfuil an phróiseáil bunaithe ar phointe (f) d'Airteagal 6(1), na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí"*.

66. Luaitear in Airteagal 5(1)(a) RGCS go ndéanfar sonraí pearsanta *"a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an ábhar sonraí ("dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht")"*.

67. Luaigh Airbnb gur tharla sé, mar chuid den chlárúchán le Airbnb, gur aontaigh an Gearánach lena Théarmaí Seirbhíse agus gur cuireadh í ar an eolas faoina Bheartas Príobháideachta. Dar le Airbnb, agus mar atá leagtha amach i rannáin 16 agus 17 de na Téarmaí Seirbhíse, coinníonn Airbnb an ceart chun a chuid úsáideoirí, agus an fhaisnéis a sholáthraíonn a chuid úsáideoirí, a fhíorú. Maidir leis sin, dúirt Airbnb go luaitear i rannán 17 gur féidir go n-iarrfaidh Airbnb *"ort aitheantas nó faisnéis eile a sholáthar"* agus gur féidir go ndéanfaidh sé *"seiceálacha atá deartha chun cabhrú le do chéannacht nó do chúlra a fhíorú"*. Luaigh Airbnb freisin go dtugtar i Rannán 2.4 de na Téarmaí Seirbhíse (arna nuashonrú den uair is deireanaí an 19 Meitheamh 2017) ("**Téarmaí Seirbhíse 2017**") agus i Rannáin 1.1, 1.3 agus 2.2 den Bheartas Príobháideachta (arna nuashonrú den uair is deireanaí an 19 Meitheamh 2017) ("**Beartas Príobháideachta 2017**") eolas do dhaoine aonair faoi phróisis fíorúcháin céannachta Airbnb agus gur cuireadh naisc chuig na doiciméid sin ar fáil don Ghearánach i dtús an phróisis chun cuntas Airbnb a chruthú. Luaigh Airbnb go dtugtar i Rannán 2.4 de na Téarmaí Seirbhíse d'Úsáideoirí Eorpacha (arna nuashonrú den uair is deireanaí an 1 Samhain 2019) ("**Téarmaí Seirbhíse 2019**") agus i Rannáin 2.1.1, 2.1.3, 2.1.5 agus 3.2 den Bheartas Príobháideachta (arna nuashonrú den uair is deireanaí an 1 Samhain 2019) ("**Beartas Príobháideachta 2019**") eolas do dhaoine aonair faoi phróisis fíorúcháin céannachta Airbnb agus go raibh na nithe sin i bhfeidhm nuair a iarradh ar an nGearánach a céannacht a fhíorú an 27 Samhain 2019 agus nuair a próiseáladh cóipeanna dá haitheantas agus dá grianghraif sna blianta 2019 agus 2020.

*An fhaisnéis a bhí ar fáil don Ghearánach tráth a cláraíodh an cuntas*

68. Luaitear mar a leanas i Rannán 2.4 de na Téarmaí Seirbhíse 2017:-

*“Tá sé deacair úsáideoirí a fhíorú ar an Idirlíon agus ní ghlacaimid le haon fhreagracht as céannacht aon Bhaill a dheimhniú. D’ainneoin an mhéid thuas, ar mhaithe le trédhearcacht agus ar mhaithe le calaois a chosc, agus mar a cheadaítear leis na dlíthe is infheidhme, is amhlaidh, agus níl aon oibleagáid orainn é seo a dhéanamh, (i) is féidir go n-iarrfaimid ar Bhaill cineál aitheantais rialtais nó faisnéis eile a sholáthar chun seiceálacha breise a dhéanamh atá deartha chun cabhrú le céannacht nó cúlra na mBall a fhíorú, (ii) is féidir go scagfaimid Baill in aghaidh bunachair sonraí tríú páirtí nó in aghaidh foinsí eile agus go n-iarrfaimid tuarascálacha ó sholáthraithe seirbhíse, agus (iii) i gcás go mbeidh faisnéis dhóthanach againn chun Ball a shainaithint, is féidir go bhfaighimid tuarascálacha ó thaifid phoiblí ar chiontuithe coiriúla nó ar chlárúcháin mar chiontóirí gnéis nó ó leagan coibhéiseach de sheiceálacha cúlra nó de sheiceálacha ar chiontóirí gnéis cláraithe i do dhlínse áitiúil (má tá siad ar fáil).”*

69. Luaitear mar a leanas i Rannán 2.3 de na Téarmaí Seirbhíse 2017: *“Is féidir go ndéanfaidh Airbnb rochtain ar Ardán Airbnb nó ar réimsí nó gnéithe áirithe d’Ardán Airbnb, nó úsáid na nithe sin, a chur faoi réir coinníollacha nó ceanglais áirithe, amhail próiseas fíorúcháin a chur i gcrích”.*

70. Luaitear mar a leanas i Rannán 4.2 de na Téarmaí Seirbhíse 2017: *“féadfaidh duine cuntas Airbnb a chlárú trí sheoladh ríomhphoist a úsáid agus trí phasfhocal a chruthú nó trína c(h)untas le seirbhísí líonraithe shóisialta tríú páirtí”*.

71. Luaitear mar a leanas i Rannán 1.1 de Bheartas Príobháideachta Airbnb 2017: *“bailíonn Airbnb faisnéis nuair a úsáideann duine Ardán Airbnb, lena n-áirítear faisnéis cuntais, amhail ainm, seoladh ríomhphoist agus dáta breithe, agus nuair a chláraíonn duine do chuntas Airbnb, is féidir go mbaileoidh sé aitheantas, amhail grianghraf d’aitheantas arna eisiúint ag rialtas, agus bailíonn sé faisnéis airgeadais, amhail cuntas bainc nó faisnéis cárta creidmheasa, nuair a úsáideann úsáideoir Seirbhísí Íocaíochta chun íocaíochtaí a phróiseáil”.*

72. Luaitear mar a leanas i Rannán 2.2 de Bheartas Príobháideachta Airbnb 2017: *“déanann Airbnb faisnéis a úsáid, a stóráil agus a phróiseáil faoi dhuine chun timpeallacht iontaofa agus níos sábháilte a chruthú agus a chothabháil, lena n-áirítear chun calaois a bhrath agus a chosc, chun faisnéis nó doiciméid aitheantais arna soláthar ag duine a fhíorú nó a fhíordheimhniú (amhail chun seoladh Cóiríochta duine a fhíorú nó chun grianghraf aitheantais duine a chur i gcomparáid le grianghraf eile arna sholáthar ag duine), chun oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh agus chun Téarmaí Seirbhíse, Téarmaí Íocaíochta agus*

*beartais eile a fhorfheidhmiú".*

73. Maidir leis na fógraí thuasluaite a bhí ar fáil don Ghearánach tráth a chruthaigh an Gearánach a cuntas, tá an Coimisiún den tuairim go raibh an Gearánach ar fógra go bhféadfadh go gceanglófaí uirthi a céannacht a fhíorú, lena n-áirítear trí chóip d'aitheantas fótagrafach a sholáthar.

*An fhaisnéis a bhí ar fáil don Ghearánach tráth a d'iarr Airbnb cóipeanna d'aitheantas agus de ghrianghraif*

74. Luaitear mar a leanas i Rannán 2.4 de na Téarmaí Seirbhíse 2019:-

*"Tá sé deacair úsáideoirí a fhíorú ar an Idirlíon agus ní ghlacaimid le haon fhreagracht as céannacht aon Bhaill a dheimhniú. D'ainneoin an mhéid thuas, ar mhaithe le trédhearcacht agus ar mhaithe le calaois a chosc, agus mar a cheadaítear leis na dlíthe is infheidhme, is amhlaidh, agus níl aon oibleagáid orainn é seo a dhéanamh, (i) is féidir go n-iarrfaimid ar Bhaill cineál aitheantais rialtais nó faisnéis eile a sholáthar chun seiceálacha breise a dhéanamh atá deartha chun cabhrú le céannacht nó cúlra na mBall a fhíorú, (ii) is féidir go scagfaimid Baill in aghaidh bunachair sonraí tríú páirtí nó in aghaidh foinsí eile agus go n-iarrfaimid tuarascálacha ó sholáthraithe seirbhíse, agus (iii) i gcás go mbeidh faisnéis dhóthanach againn chun Ball a shainaithint, is féidir go bhfaighimid tuarascálacha ó thaifid phoiblí ar chiontuithe coiriúla nó ar chlárúcháin mar chiontóirí gnéis nó ó leagan coibhéiseach de sheiceálacha cúlra nó de sheiceálacha ar chiontóirí gnéis cláraithe i do dhlínse áitiúil (má tá siad ar fáil)."*

75. Luaitear mar a leanas i Rannán 2.3 de na Téarmaí Seirbhíse 2019: *"Is féidir go ndéanfaidh Airbnb rochtain ar Ardán Airbnb nó ar réimsí nó gnéithe áirithe d'Ardán Airbnb, nó úsáid na nithe sin, a chur faoi réir coinníollacha nó ceanglais áirithe, amhail próiseas fíorúcháin a chur i gcrích".*

76. Luaitear mar a leanas i Rannán 4.2 de na Téarmaí Seirbhíse 2019: *"féadfaidh duine cuntas Airbnb a chlárú trí sheoladh ríomhphoist a úsáid agus trí phasfhocal a chruthú, nó trína c(h)untas, nó trína c(h)untas le seirbhísí áirithe líonraithe shóisialta tríú páirtí"*.

77. Luaitear mar a leanas i Rannán 2.1.1 de Bheartas Príobháideachta Airbnb 2019: *"nuair a chláraíonn duine do Chuntas Airbnb, ceanglaíonn Airbnb faisnéis áirithe, amhail céadainm, sloinne, seoladh ríomhphoist agus dáta breithe an duine, agus is féidir go mbaileoidh Airbnb faisnéis fíorúcháin céannachta, amhail íomhánna d'aitheantas arna eisiúint ag rialtas, cárta aitheantais náisiúnta pas, nó ceadúnas tiomána, mar a cheadaítear leis na dlíthe is infheidhme, nó faisnéis fíordheimhniúcháin eile, chun cabhrú le timpeallacht iontaofa a chruthú agus a*

*chothabháil".*

78. Luaitear mar a leanas i Rannán 3.2 de Bheartas Príobháideachta Airbnb 2019: *"Is féidir go ndéanfaidh Airbnb faisnéis phearsanta a úsáid, a stóráil agus a phróiseáil chun timpeallacht iontaofa agus níos sábháilte a chruthú agus a chothabháil, amhail chun calaois, teagmhais slándála agus gníomhaíocht dhochrach eile a bhrath agus a chosc; chun faisnéis nó doiciméid aitheantais arna soláthar ag duine a fhíorú nó a fhíordheimhniú; chun an seoladh cóiríochta a fhíorú; chun an grianghraf aitheantais a chur i gcomparáid le grianghraf eile arna sholáthar ag an duine; agus chun seiceálacha a dhéanamh in aghaidh bunachair sonraí agus foinsí eile faisnéise, a mhéid a cheadaítear leis na dlíthe is infheidhme agus le toiliú an duine, nuair is gá".* Luaitear mar a leanas i Rannán 3.2 de Bheartas Príobháideachta Airbnb 2019: *"Próiseálann Airbnb an fhaisnéis phearsanta sin chun na gcríoch sin, mar gheall ar an leas dlisteanach atá aige in Ardán Airbnb a chosaint, chun tomhas a dhéanamh ar fheidhmíocht leordhóthanach a chonartha leis an duine agus chun na dlíthe is infheidhme a chomhlíonadh".*

79. Maidir leis na fógraí thuasluaite a bhí ar fáil don Ghearánach tráth a d'iarr Airbnb cóipeanna d'aitheantas agus de ghrianghraif, tá an Coimisiún den tuairim go raibh an Gearánach ar fógra go bhféadfadh go gceanglófaí uirthi a céannacht a fhíorú, lena n-áirítear trí chóip d'aitheantas fótagrafach a sholáthar.

80. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na beartais phríobháideachta agus na téarmaí seirbhíse a bhí i bhfeidhm ag Airbnb nuair a chláraigh an Gearánach a cuntas agus nuair a d'iarr Airbnb cóipeanna d'aitheantas agus de ghrianghraif ar leithligh araon, is deimhin leis an gCoimisiún go raibh faisnéis dhóthanach ann laistigh de na doiciméid sin chun baill a chur ar an eolas go bhféadfadh go n-iarrfadh Airbnb cóip d'aitheantas fótagrafach chun céannacht a fhíorú.

81. **Maidir leis sin, mar sin, agus in imthosca chás an Ghearánaigh seo, cinneann an Coimisiún gur chomhlíon Airbnb na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 13(1) RGCS maidir le faisnéis a sholáthar don ábhar sonraí.**

## <u>Cinneadh maidir le sáruithe ar RGCS</u>

82. Tar éis imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán in aghaidh Airbnb Ireland UC, tá an Coimisiún den tuairim gur tharla sé, in imthosca chás an Ghearánaigh seo, gur sháraigh Airbnb Ireland UC an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí mar a leanas:

**Airteagal 5:**

**Sháraigh Airbnb prionsabal an íoslaghdaithe sonraí atá leagtha amach in Airteagal 5(1)(c) agus prionsabal an teorannaithe stórála atá leagtha amach in Airteagal 5(1)(e) nuair a choinnigh sé cóip de dhoiciméid aitheantais an Ghearánaigh a cuireadh isteach an 20 Lúnasa 2020 tar éis an próiseas fíorúcháin céannachta a chur i gcrích go rathúil. Tá na sáruithe sin fós ar siúl.**

**Sáraíodh prionsabal an íoslaghdaithe sonraí atá leagtha amach in Airteagal 5(1)(c) agus prionsabal an teorannaithe stórála atá leagtha amach in Airteagal 5(1)(e) nuair a lean Airbnb le doiciméid aitheantais a bhí folaithe go páirteach agus as dáta a phróiseáil agus a choinneáil, ar dhoiciméid iad nár mheas sé iad a bheith dóthanach nó leordhóthanach chun céannacht an Ghearánaigh a fhíorú. Tá na sáruithe sin fós ar siúl.**

## Feidhmiú Cumhachtaí Ceartaitheacha ag an gCoimisiún

83. Le linn dom a chinneadh cé na cumhachtaí ceartaitheacha a bhí le feidhmiú i leith na sáruithe ar RGCS atá leagtha amach thuas, bhí aird chuí agam ar an gcumhacht atá ag an gCoimisiún chun fíneálacha riaracháin a fhorchur de bhun alt 141 d'Acht 2018. Rinne mé breithniú ar leith ar na critéir atá leagtha amach in Airteagal 83(2)(a) – (k) RGCS. Agus cumhachtaí ceartaitheacha á bhfeidhmiú agam, tá oibleagáid orm na bearta a roghnú atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach mar fhreagairt do na sáruithe lena mbaineann. Maidir leis an measúnú ar cad atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, ní mór é a dhéanamh i gcomhthéacs an chuspóra atá á shaothrú ag na bearta ceartaitheacha, mar shampla comhlíonadh RGCS a athbhunú nó iompraíocht neamhdhleathach a phionósú (nó iad araon)[1]. Cinnim nach mbeadh fíneáil riaracháin riachtanach, comhréireach nó athchomhairleach sna himthosca ar leith a bhaineann leis na sáruithe ar na hAirteagail de RGCS atá leagtha amach thuas. Ar na cúiseanna atá leagtha amach, cinnim nár cheart aon fhíneáil riaracháin a fhorchur i leith na sáruithe sin.

84. **I bhfianaise mhéid na sáruithe atá sainaitheanta thuas, eisíonn an Coimisiún iomardú chuig Airbnb Ireland UC leis seo, de bhun Airteagal 58(2)(b) RGCS**.

85. **I bhfianaise na sáruithe ar Airteagal 5(1)(c) agus ar Airteagal 5(1)(e) i gcás an ábhair sonraí seo, is gá don rialaitheoir sonraí a oibríochtaí próiseála sonraí a chur i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(c) agus le hAirteagal 5(1)(e) chun na sáruithe a sainaithníodh sa chás seo a leigheas agus chun**

[1] Féach leathanach 11 den doiciméad ó Mheitheal Airteagal 29 um Chosaint Sonraí dar teideal 'Treoirlínte maidir le fíneálacha riaracháin a chur i bhfeidhm agus a shocrú chun críocha Rialachán 2016/679'.

**sáruithe den chineál céanna a chosc amach anseo i ndáil le hábhair sonraí atá in imthosca den chineál céanna. Dá réir sin, ordaíonn an Coimisiún do Airbnb leis seo na nithe seo a leanas a dhéanamh:**

1. **Na cóipeanna a bhí folaithe agus as dáta de dhoiciméid aitheantais an Ghearánaigh a ndearna sí iarracht iad a uaslódáil an 8 Nollaig 2019 agus an 15 Iúil 2020 a scriosadh óna chórais agus óna thaifid uile; agus**
2. **Na doiciméid aitheantais ar uaslódáil an Gearánach iad an 20 Lúnasa 2020 a scriosadh óna chórais agus óna thaifid uile (gan ach taifead ina luaitear gur cuireadh na doiciméid sin isteach, agus ina luaitear an dáta a cuireadh isteach iad, a choinneáil); agus**
3. **Faoi réir dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát a chomhlíonadh, athbhreithniú a dhéanamh ar a bheartais agus a nósanna imeachta inmheánacha maidir le céannacht úsáideoirí a fhíorú (i) chun a chinntiú, tar éis céannacht ábhar sonraí a fhíorú chun deimhneacht Airbnb, go scoirfidh Airbnb de dhoiciméid aitheantais a choinneáil atá folaithe go míchuí agus/nó as dáta agus a fhaightear ó ábhair sonraí mar chuid den phróiseas fíorúcháin céannachta, agus (ii) chun a chinntiú, maidir leis an tréimhse ar ar a feadh a stórálfar doiciméid aitheantais atá bailí nó calaoiseach/neamhdhlisteanach (lena n-áirítear doiciméid aitheantais atá folaithe go bailí de réir dlíthe lena gceanglaítear nithe áirithe a fholú) agus a fhaightear ó ábhair sonraí mar chuid den phróiseas fíorúcháin céannachta, go mbeidh sí teoranta do dhiantréimhse íosta (de réir Aithris 39 RGCS).**
4. **Déantar an t-ordú seo de bhun Airteagal 58(2)(d) RGCS agus iarrtar ar Airbnb mionsonraí a thabhairt don Choimisiún faoin 20 Meán Fómhair 2023 faoin dóigh a mbíonn pointí 1, 2 agus 3 á gcomhlíonadh aige.**

## <u>Leigheasanna breithiúnacha i leith an chinnidh ón gCoimisiún</u>

86. De réir Airteagal 78 RGCS, tá an ceart ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach leigheas éifeachtach breithiúnach a fháil i gcoinne cinneadh a bhaineann leo a dhéanann údarás maoirseachta agus atá ina cheangal dlí. De bhun alt 150(5) den Acht, féadfaidh ábhar sonraí nó aon duine eile (lena n-áirítear rialaitheoir sonraí) a ndéanfaidh cinneadh atá ina cheangal dlí ón gCoimisiún difear dó/di achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda in Éirinn nó chuig an Ard-Chúirt in Éirinn laistigh de 28 lá ó fhógra a fháil faoin gcinneadh sin. Féadfaidh rialaitheoir sonraí achomharc a dhéanamh laistigh de 28 lá ón bhfógra a fháil freisin. Faoi alt 150(1), féadfaidh rialaitheoir sonraí achomharc a dhéanamh i gcoinne fógra forfheidhmiúcháin nó fógra faisnéise arna eisiúint ag an

gCoimisiún i gcoinne an rialaitheora sonraí agus, faoi alt 142, féadfaidh rialaitheoir sonraí achomharc a dhéanamh i gcoinne fíneáil riaracháin arna forchur ag an gCoimisiún air/uirthi.

Sínithe:

Tony Delaney

Leas-Choimisinéir

Thar ceann an Choimisiúin um Chosaint Sonraí